Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Dublin City Council
LGBT Staff Support Network

# Beartas agus treoir I dtacla le féiniúlacht agus liériú inscne

**An Roinn Acmhainní Daonna**

Is cuid den Lámhleabhar d'Fhostaithe é an doiciméad seo



## Clár an ághair

**Réamhráón ceannasaíacmhainní daonna agus corparáide** **03**

**1.0 Beartas** **04**

- **1.1** Príomhthéarmaí
- **1.2** Réamhrá agus reachtaíocht
- **1.3** Cé leis a mbaineann an Beartas agus Treoir?
- **1.4** Féiniúlacht inscne agus léiriú inscne
- **1.5** Dínit agus meas
- **1.6** Tacú le hionad oibre ina bhfuil fáilte roimh dhaoine trasinscneacha
- **1.7** Róil, Cearta agus Freagrachtaí

**2.0 Treior maidir le conas athrú conais inscne Aimhseáil san ionad oibre** **09**

- **2.1** An Ceart chun Príobháideachais
- **2.2** Eispéireas dearfach a chinntiú
- **2.3** Ról na hOifige Comhionannais Éagsúlachta agus Cuimsithe
- **2.4** Tacaíocht áitiúil
- **2.5** Asláithreacht le haghaidh gnáthaimh leighis
- **2.6** Comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi athrú inscne fostaí
- **2.7** Úsáid saoráidí
- **2.8** Oiliúint agus Ardú Feasachta
- **2.9** Acmhainní

**Aguisín I – Seicliosta athraithe inscne chun cabhrúle bainisteoirí** **12**

**Aguisín II Comhionnannas do dhaoine trasinscneacha a chur chun cinn** **13**

**Asuisín III – Conas tacúle daoine trasinscneacha**

**Aguisín IV – Gluais téarmaí** **14**





## Réamhrá

Tá inscne ar cheann de na forais chomhionannais is gá a chosaint de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tar éis an Beartas agus Treoir seo a fhorbairt mar aitheantas do cheart na saoránach uile chun féinchinneadh inscne, mar atá cumhdaithe sa dlí san Acht um Inscne a Aithint, 2015, agus mar aitheantas comhionann dár bh- freagracht maidir le timpeallacht a chruthú ina léireofar meas ar fhostaithe agus ina dtacófar leo san ionad oibre i ndáil lena rogha inscne. Anuas air sin, is beart é ullmhú an Bheartais agus na Treorach seo de chuid Straitéis na Comhairle um Ionchuimsiú Foirne atá Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach + (LADT+) 2017-2020.

Tá meas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar ár bhfostaithe uile agus tá sé mar aidhm acu timpeallacht dhearfach shábháilte oibre a chinntiú. Lena hais sin, is cuid lárnach d'éiteas na Comhairle é coincheap an chomhionannais ó thaobh barr feabhas seirbhísí de. Aithnímid go bhféadfadh éagsúlachtaí a bheith ann idir inscne bhitheolaíoch agus féiniúlacht inscne, cuma inscne agus/ná léiriú inscne.

Soláthraíonn an Beartas agus Treoir:

- cur síos ar na socruithe a chuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear le cearta ár bhfostaithe trasinscneacha;
- cur síos ar na tacaíochtaí atá ar fáil dár bhfostaithe trasinscneacha; agus
- cur síos ar na prótacail d'fhostaithe atá i mbun a n-inscne a athrú sa láthair oibre.

Tá an Chomhairle tiomanta d'fheasacht a ardú agus d'oiliúint ar cheisteanna trasin- scneacha a chur ar fáil san ionad oibre.

Is é aidhm an Bheartais agus na Treorach eolas a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt, ar bhealach dearfach, do chur chuige Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le tacú lenár gcomhghleacaithe, agus cabhrú chun tuiscint níos do- imhne a chothú ar na ceisteanna agus eispéiris a ghabhann le léiriú inscne agus féiniúlacht inscne.

Is gné bhunriachtanach de chur i bhfeidhm rathúil an Bheartais agus na Treorach sin é tacaíocht a fháil ó gach fostaí. Tá tábhacht ar leith ag baint leo siúd a bhfuil róil bhainistíochta acu mar gur gá leo plé dearfach a dhéanamh lena bhfostaithe faoin gceist seo ar bhealach comhoibríoch measúil.

Is mian liom cabhair Líonra Foirne LADT+ na Comhairle agus TENI (Líonra na hÉire- ann um Chomhionannas Trasinscne) a aithint agus buíochas a ghabháil leo as a saineolas agus treoir maidir le forbairt an Bheartais agus na Treorach. Is mian liom freisin aird a tharraingt ar an obair a rinne an tOifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe ar fhor- bairt an doiciméid seo.



**Mary Pyne**
Ceannasaí Acmhainní
Daonna agus
Seirbhísí Corparáide

## 1.0 Beartas

### 1.1 Príomhthéarmaí

Is leathan an réimse teanga a úsáidtear chun ceisteanna faoi fhéiniúlacht inscne agus léiriú inscne a chur in iúl. Tá gluais de na téarmaí is mó a úsáidtear leagtha amach in Aguisín V. Ní mór cuimhneamh air, áfach, go mbíonn an teanga ag síorathrú agus d'fhéadfadh go mbeadh a roghanna pearsanta féin ag daoine faoin teanga a mbaineann siad leas aisti le cur síos orthu féin. Chun a chinntiú go bhfuil an teanga chuí á húsáid agat, ní gá duit ach an cheist sin a chur go béasach.

### 1.2 Réamhrá agus reachtaíocht

I gcás thromlach na ndaoine, bíonn braistint ó dhúchas acu go bhfuil siad fireann ná baineann – is é sin, a bhféiniúlacht inscne – agus tagann sé sin leis an inscne
a bhí acu nuair a rugadh iad; mar sin, ní bhíonn aon cheisteanna acu faoina bh- féiniúlacht inscne. Is ann do líon beag daoine, áfach, nach dtagann a bhféiniúlacht inscne leis an inscne a bhí acu nuair a rugadh iad. Glaoitear daoine trasinscneacha ar na daoine sin. Tabharfaidh an-chuid díobh faoi phróiseas chun a saol agus a bhféiniúlacht choirp a chur in oiriúint dá bhféiniúlacht inscne, agus glaoitear athrú inscne air sin.

Más fostaí trasinscneach thú, tá sé de cheart agat d'fhéiniúlacht a léiriú go hos- cailte. Áirítear leis sin d'fhéiniúlacht inscne a chur in iúl gan imní a bheith ort faoi dhrochthorthaí. Nuair a thugann fostaí faoi athrú inscne, is athrú don ionad oibre iomlán a tharlaíonn dá bharr. Is gá don fhostaí trasinscneach, do chomh- ghleacaithe agus do bhainisteoirí dul i dtaithí ar an athrú. Tá sé ríthábhachtach go soláthrófaí timpeallacht fháilteach thacúil d'fhostaithe ar mhian leo a n-athrú inscne a chur faoi bhráid na foirne san ionad oibre. Is minic gur rud é an t-athrú inscne a bhaineann go sonrach leis an duine aonair, agus níl aon bhealach réam- hshocraithe le hathrú inscne a dhéanamh. Is eispéireas uathúil é an t-athrú inscne don duine ar leith sin, agus d'fhéadfadh difríochtaí móra a bheith ann idir eispéiris gach duine maidir leis an bpróiseas.

Braitheann an-chuid daoine trasinscneacha (féach leat Gluais IV – Gluais téarmaí, chun míniú a fháil ar an téarma sin) nach bhfuil siad in ann nó nach ligfear dóibh a bhfíor-fhéiniúlacht ar leith féin a léiriú, go háirithe san ionad oibre, agus d'fhéad- fadh nach mbeadh na córais, na saoráidí ná na meoin i bhfeidhm san ionad oibre a dhéanfadh an próiseas sin níos éasca. Is é cuspóir an doiciméid seo ná tacú lenár gcomhghleacaithe trasinscneacha ionas go léireofar meas orthu agus go ndéanfar iad a ionchuimsiú san inscne atá roghnaithe acu, agus go gcuirfear cabhair ar fáil dóibh siúd, agus dá mbainisteoirí agus dá gcomhghleacaithe chomh maith, má theastaíonn uathu a n-inscne a athrú san ionad oibre.

Cuireann an Chomhairle timpeallacht ionchuimsitheach chun cinn le haghaidh fostaithe agus cuairteoirí araon, agus tá siad tiomanta do thacú leis sin. Tugtar míniú sa Bheartas agus Treoir seo ar ghealltanas foirmeálta na Comhairle chun féiniúlacht inscne agus léiriú inscne gach fostaí a aithint agus tacú leo, d'fhonn leanúint de





thimpeallacht oibre dhearfach thuisceanach thacúil a fhorbairt, timpeallacht ina gcaithfear le gach fostaí le dínit agus le meas.

Is é bunús an Bheartais agus na Treorach ná na cearta dlíthiúla atá tugtha ag Achtanna Comhionannais Fostaíochta 1998-2015, ag an Acht um Inscne a Aithint, 2015 agus ag an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Coisceann na hAchtanna Comhionannais Fostaíochta 1998-2015 idirdhealú díreach agus indíreach, gnéaschiapadh, ciapadh agus íospairt i ndáil le naoi bhforas comhionannais, lena n-áirítear inscne. Cuimsítear leis an bhforas inscne cosaint daoine trasinscneacha.

Cuireann an tAcht um Inscne a Aithint, 2015, ar chumas daoine trasinscneacha aithint dhlíthiúil iomlán a n-inscne roghnaithe a bhaint amach mar go ndéantar soláthar ann d'eisiúint Deimhnithe Aithint Inscne, a ligeann do dhaoine trasinsc- neacha a n-inscne roghnaithe a bheith aitheanta ag an Stát.

**Beartais eile**
D'fhéadfadh go mbainfeadh na doiciméid seo a leanas le hábhar freisin:

- An Beartas chun na Dínite san Ionad Oibre;
- An Beartas um Bhainistiú Comhionannais agus Éagsúlachta;
- Beartas agus Treoir um Chosaint Sonraí;
- Na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR);
- Dréachtphlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2018 - 2020; agus
- An Straitéis um Ionchuimsiú Foirne LADT+ 2017-2020.

D'fhéadfaí nach gcuimseodh an Beartas agus Treoir na cúrsaí uile a d'fhéadfadh teacht aníos i ndáil le fostaithe trasinscneacha, áfach. Ar an ábhar sin, cuirfear gach fostaí trasinscneach san áireamh ar bhonn cás ar chás.

**Nósanna imeachta athbhreithnithe maidir leis an mBeartas agus Treoir** Beidh an Beartas agus Treoir ag teacht leis na beartais chomhionannais a bhfuil glactha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cheana leo. Déanfaidh an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, i gcomhar leis an Líonra Foirne LADT+, monatóireacht ar chur i bhfeidhm ginearálta an Bheartais agus na Treorach, agus déanfaidh siad ath-bhreithniú air go rialta. Beidh an Beartas agus Treoir solúbtha i gcónaí ó thaobh athbhreithniú leanúnach de, agus déanfar é a nuashonrú le haon reachtaíochta ábhartha nua a chur san áireamh.

## 1.2 Cé leis a mbaineann an Beartas agus Treoir?

Baineann an Beartas agus Treoir le fostaithe uile Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear oibrithe deonacha (m.sh. an Chosaint Shibhialta), iad siúd a bhfuil scéimeanna Gníomhachtaithe Saothair nó intéirneachtaí idir lámha acu agus iad siúd atá ar thóir taithí fostaíochta. Baineann an Beartas agus Treoir freisin le gach iarratasóir ar fhostaíocht agus le hiar-fhostaithe. Tá an Beartas agus Treoir bainteach le hiompar san ionad oibre, ar réadmhaoin na Comhairle, ag ócáidí agus gníomhaíochtaí na Comhairle, agus i gcás go bhfuiltear ag déanamh ionadaíocht ar an gComhairle. Baineann sé freisin le húsáid teicneolaíochta leictreonaí agus le cumarsáid leictreonach sna hionaid agus sna cásanna thuasluaite.

## 1.3 Féiniúlacht inscne agus léiriú inscne

Tagraíonn féiniúlacht inscne don fhéinaithint dhomhain a bhraitheann duine mar dhuine fireann, mar dhuine baineann, mar dhuine d'inscne eile ná mar dhuine gan inscne. D'fhéadfadh go mbeadh féiniúlacht inscne duine ag teacht leis an ngnéas atá acu ó rugadh iad nó d'fhéadfadh nach mbeadh.

Is é atá i gceist le léiriú inscne an chaoi a léiríonn daoine a bhféiniúlacht insce mar fhireann, baineann, meascán den dá rud, ná ceann ar bith den dá rud, tríd a gcuid éadaí, a nósanna cóirithe, a n-iompar, a staidiúir, a ngothaíocht, a dtréithe fisiciúla, a bpátrúin chainte, srl.

Tá daoine ann nach ngéilleann do chaighdeáin inscne na sochaí, agus d'fhéadfadh nach ionann a léiriú inscne siúd agus an dearcadh steiréitipiciúil atá ag daoine ar cad is fireann nó cad is baineann ann. Is é atá i gceist le duine neamh-dhénártha ná duine nach bhfuil fireann ná baineann ó thaobh na féiniúlachta inscne de, atá idir inscní nó a sháraíonn inscne, nó a bhfuil meascán d'inscní ag baint leis an duine.

Ní gá go mbainfeadh an fhéiniúlacht inscne ná an léiriú inscne le gnéaschlaonadh.

Glaoitear athrú inscne ar an bpróiseas a dtugtar faoi chun an léiriú inscne atá ag duine a athrú. I gcás roinnt daoine trasinscneacha, tá siad sásta teacht amach dá gcairde nó dá ngrúpaí sóisialta amháin, agus glaoitear athrú inscne sóisialta air sin. I gcás daoine eile, d'fhéadfadh go dtabharfaidís faoi athailíniú inscne, a chuimsíonn teiripe hormón agus dul faoi scian chun a dtréithe coirp a athrú, le go n-oirfidís don inscne is mó a shamhlaíonn siad leo féin.

Is éard is athrú inscne ann ná an próiseas a dtéann daoine trasinscneacha áirithe tríd chun go mbeidh siad in ann maireachtáil, ó thaobh na cuma atá orthu de, san inscne is mó a shamhlaíonn siad leo féin seachas leis an ngnéas atá acu ó rugadh iad. D'fhéadfadh go n-áireofaí le hathrú inscne athruithe sóisialta, coirp nó dlíthiú- la, mar shampla, teacht amach chuig daoine muinteartha, cairde agus comhgh-leacaithe, agus/nó ainm, forainm agus comhartha inscne a athrú ar dhoiciméid dhlíthiúla. B'fhéidir go n-athródh daoine a gcuma fhisiciúil, a gcuid éadaí agus a léiriú inscne freisin. D'fhéadfadh go gcuimseodh an t-athrú inscne cúnamh leighis amhail cóireáil hormón nó dul faoi scian. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le daoine trasinscneacha dul tríd athrú inscne gan aon idirghabháil leighis ar chor ar bith. Níl cúnamh leighis ag teastáil le go mbeadh daoine in ann dul tríd athrú inscne, agus i gcásanna áirithe, roghnaíonn daoine trasinscneacha gan tabhairt faoi phróiseas leighis, é sin nó níl fáil acu ar a leithéid de phróiseas.

## 1.4 Dínit agus meas

Coisceann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach cineál idirdhealaithe, is cuma an t-idirdhealú díreach ná indíreach atá i gceist, ar bhonn na bhforas i leith féiniúlacht inscne agus léiriú inscne. Tá an Chomhairle tiomanta do thacú le timpeallacht ionchuimsitheach oibre ina léirítear dínit agus meas agus ina gcuir- tear comhionannas chun cinn; ina bhfuil tábhacht ag baint le héagsúlacht agus inar féidir leis na fostaithe uile barr a gcumais a bhaint amach. Ní chuireann an





Chomhairle suas le haon chineál de bhulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus/ná idirdhealú san ionad oibre. Déileálfar le haon teagmhas den sórt sin de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i mBeartas na Comhairle chun na Dínite san Ionad Oibre.

## 1.5 Tacú le hionad oibre ina bhfuil fáilte roimh dhaoine trasinscneacha

Cuimhnigh go bhféadfadh do chomhghleacaí a bheith ag dul trí athrú suntasach mothúchán, cognaíochta, coirp agus sóisialta. Tá cuid lárnach dá mbunfhéiniúlacht á glacadh chucu féin go misniúil acu. Bí ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rudaí a dhéanann tú, ag d'fhocail agus ag d'iompar (díreach agus indíreach). Bí tuisceanach, cineálta agus tacúil.

**Tacaíocht agus feiceálacht san ionad oibre maidir le LADT+**
Tá an Chomhairle tiomanta feiceálacht LADT+ a chur chun cinn san ionad oibre de réir ár Straitéise um Ionchuimsiú Foirne LADT+. Is tábhachtach an fheiceálacht sin ó thao- bh feasacht a ardú de, agus chun cultúr measa a fhorbairt ina ŋ-aithnítear éagsúlacht na bhfostaithe uile agus ina léirítear meas uirthi. Áirítear leis sin ár gcomhghleacaithe trasinscneacha.

D'fhéadfadh go dtógfadh sé am ar dhaoine áirithe a bhféiniúlacht inscne a iniúchadh; glacann an Chomhairle leis sin agus réiteoidh siad an bealach d'fhostaithe atá ag dul tríd an bpróiseas sin. Ba chóir go gcaithfí lena leithéid d'fhostaithe ar bhealach tuis- ceanach cineálta measúil.

Má théann fostaithe trasinscneacha chun cainte lena mbainisteoir maidir le féiniúlacht ná léiriú inscne, ba chóir don bhainisteoir iad a chur ar an eolas faoi ról na hOifige Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe i ndáil le hathruithe ar na taifid riachtanacha uile a chomhordú, agus a rá leo go bhfuil an oifig ar fáil chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar i dtaca le cúrsaí atá clúdaithe sa Bheartas agus Treoir seo (tá seirbhísí na hOifige Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe annais ar fáil do bhainisteoirí freisin). Anuas air sin, is ceart do bhainisteoirí a rá le fostaithe trasinscneacha go bhfuil an Líonra Foirne LADT+ agus na Seirbhísí Tacaíochta Foirne ar fáil freisin, agus is féidir leo siúd comhairle agus tacaíocht bhreise a sholáthar (Féach leat 3.0 Acmhainní ar leathanach 10 le haghaidh sonraí teagmhála).

Is féidir le bainisteoirí agus fostaithe dul i dteagmháil leis an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe chomh maith chun comhairle agus tacaíocht a fháil maidir le cúrsaí atá clúdaithe sa Bheartas agus Treoir seo.

**Dea-chleachtas ginearálta**
Is tábhachtach meas a léiriú ar mhianta daoine maidir leis an inscne atá á léiriú acu, is é sin, cén t-ainm agus forainm (sé/sí/siad) ar mhaith leo go n-úsáidfeá. Mura bhfuil tú cinnte cén forainm is cóir duit a úsáid, cuir ceist ar an duine go measúil discréide- ach. Má dhéanann tú botún, ní gá duit ach a rá go bhfuil brón ort agus gan díriú an iomarca air.

**Rúndacht**
Bíodh meas agat ar rúndacht an duine i gcónaí. Bíonn daoine trasinsneacha áirithe oscailte faoina bhféiniúlacht nó léiriú inscne, ach bíonn a mhalairt i gceist le daoine trasinscneacha eile. Bíodh meas agat i gcónaí ar rogha an duine agus ná roinn eolas faoin duine sin le haon duine eile gan chead follasach a fháil chuige sin roimh ré.



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City

Bíodh meas agat ar theorainneacha daoine. Ná bí cunórach agus ná bí ag cur ceisteanna pearsanta.

## 1.5 Róil, Cearta agus Freagrachtaí

**Más fostaí trasinscneach thú, tá sé de cheart agat:**

- a bheith mar an duine atá ionat go hoscailte. Ciallaíonn sin d'fhéiniúlacht inscne a chur in iúl gan imní a bheith ort faoi dhrochthorthaí;
- go gcaithfí leat go cóir, le dínit agus le meas;
- go gcoinneofaí do phríobháideachas agus go gcloífí le rúndacht ó thaobh do chuid taifead de. Ní nochtfar eolas ach amháin má tá cead faighte uait chuige sin;
- rochtain chomhionann ar an bhfostaíocht, ar dheiseanna chun ardú céime a fháil agus ar an oiliúint;
- socruithe réasúnta cuí más amhlaidh atá do stádas trasinscneach ná d'athrú inscne ag cur isteach ar do chumas oibre.

**Má theastaíonn uait nochtadh a dhéanamh nó leas a bhaint as tacaíochtaí na Comhairle agus/nó do thaifid fostaí a athrú, tá tú freagrach, mar fhostaí trasinsc- neach, as an méid seo a leanas:**

- an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon riachtanais tacaíochta a luaithe agus is féidir chun go mbeifear in ann na socruithe cuí a chur i bhfeidhm go tráthúil;
- na doiciméid riachtanacha uile a chur ar fáil chun go mbeifear in ann na taifid fostaí a athrú go tráthúil.

**Tá sé de cheart ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:**

- a iarraidh ort go gcuirfeá eolas agus doiciméid ar fáil ó fhoinse phroifisiúnta inghlactha chun léargas a thabhairt ar na socruithe cuí atá le cur i bhfeidhm;
- doiciméid a iarraidh uait atá riachtanach le do thaifid a athrú

más cuí

**Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as:**

- cur i bhfeidhm Bheartas agus Threoir na Comhairle a mhaoirsiú i ndáil le féiniúlacht inscne agus léiriú inscne ar bhealach cóir trédhearcach;
- na bearta cuí uile a chur i bhfeidhm le go gcuirfí an tacaíocht agus na socruithe cuí ar fáil d'fhostaithe trasinscneacha;
- dea-chleachtas agus beartas a fhorbairt de reir na reachtaíochta;
- feasacht a ardú agus comhairle agus oiliúint a sholáthar d'fhostaithe sa Chomhairle ar fhéiniúlacht agus léiriú inscne le tacaíocht ón Líonra LADT+.





## 2.0 Treoir maidir le conas a athrúinscne a láimhseáil san ionad oibre

Nuair a chinneann fostaí trasinscneach go rachaidh siad trí athrú inscne san ionad oibre, is é an cinneadh a dhéanann siad ná go dtosóidh siad ag maireachtáil os comhair an tsaoil san inscne a samhlaíonn siad iad féin léi, seachas sa ghnéas a bhí acu ó dhúchas nuair a rugadh iad. Is tréimhse athraithe é seo agus ba chóir go bhfaighidís tacaíocht ó dhaoine lena linn. Beidh ar a gcomhghleacaithe dul i dtaithí ar na hathruithe chomh maith, agus ba cheart dúinn uile meas a léiriú i leith ár gcomhghleacaithe trasinscneacha agus tacú leo. Is féidir leis an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe comhairle a chur ar dhaoine i ndáil leis an bpróiseas athraithe inscne san ionad oibre, agus tá Coiste an Líonra Foirne LADT+ ar fáil freisin chun tacaíocht agus comhairle bhreise a sholáthar. Is ann freisin do na Seirbhísí Tacaíochta Foirne.

D'fhéadfadh go mbeadh ceann amháin ar a laghad de réimse athruithe sóisialta, dlíthiúla agus/nó leighis i gceist le hathrú inscne a dhéanamh. Is tábhachtach
a thabhairt faoi deara go mbeidh riachtanais éagsúla ag daoine éagsúla, agus níl aon ghnáthshamhail shocraithe ann maidir le hathrú inscne.

Is treoir faoi aon phróiseas athraithe inscne san ionad oibre é an nós imeachta ginearálta atá sonraithe thíos.

Cuimhnigh, cé gur féidir le fostaithe trasinscneacha iad féin a ghléasadh ar bhealach atá in oiriúint dá bhféiniúlacht nó dá rogha léirithe inscne, is gá dóibh, taobh amuigh dó sin, cloí leis na caighdeáin chéanna maidir le héadaí agus cuma, a gcaitheann na fostaithe eile san ionad oibre cloí leo.

### 2.1 An Ceart chun Príobháideachais

I gcás an eolais uile a nochtar faoi fhéiniúlacht agus léiriú inscne duine, is gá caitheamh leis mar eolas rúnda, agus ní nochtfar an t-eolas sin ach amháin má tá cead faighte ón duine ábhartha roimh ré. Ní féidir ceart chun príobháideachais an duine a shárú ach amháin má tá imní suntasach ann go bhféadfadh sábháil- teacht ná saol an duine a bheith faoi bhagairt, nó más gá an ceart sin a shárú de réir dlí. Coimeádfar na taifid uile i seilbh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na Rialachán maidir le Cosaint Sonraí agus na mbeartas Comhairle ábhartha eile. Coimeádfar na taifid i gcóras comhdúcháin cuí de chuid Acmhainní Daonna agus ní chuirfear ar fáil iad ach dóibh siúd a bhfuil baint acu go díreach leis an scéal, agus an méid sin de réir oibleagáidí agus dhualgais na nAchtanna agus Rialachán um Chosaint Sonraí.

### 2.2 Eispéireas dearfach a chinntiú

Tá tábhacht ag baint le cumarsáid, comhairle agus tacaíocht chun a chinntiú go mbeidh eispéireas dearfach ag fostaithe a bhfuil athrú inscne idir lámha acu. Is cabhair é sin do dhaoine atá ag athrú inscne, dá mbainisteoirí agus dá gcom- hghleacaithe ó thaobh dul i dtaithí ar na hathruithe de. Is timpealleacht oibre dhearfach é timpeallacht ina

mbraitheann fostaithe go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo. Ar an ábhar sin, spreagtar cumarsáid áitiúil idir fostaithe atá ag ath- rú inscne, a mbainisteoirí agus a gcomhghleacaithe ionas gur féidir an t-eolas cuí a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta riachtanacha ar bhonn tráthúil.

Daoine atá ag athrú inscne go sóisialta, níl cead ach acu siúd amháin dul chun cainte faoi sin lena gcomhghleacaithe má roghnaíonn siad amhlaidh a dhéanamh.

I gcás athruithe dlíthiúla ná leighis, nó athruithe neamh-dhlíthiúla ainm ná forainm, áfach, is iondúil go mbeadh sé riachtanach, roinnt mhaith beart riaracháin a chur i gcrích. Mar shampla, i gcás athruithe dlíthiúla agus athruithe neamh-dhlíthiúla ainm ná forainm, teastaíonn athrú ar thaifid áirithe. Maidir le hathruithe leighis, d'fhéadfadh go mbeadh laethanta saoire ag teastáil le gur féidir leis an bhfostaí dul faoi scian. Anuas air sin, má tá fostaithe ann a bhfuil athrú inscne ar siúl acu le gur féidir leo maireachtáil ina rogha inscne, ba cheart, go teoiriciúil, go mbeidís in ann na saoráidí a bhaineann leis an inscne sin a úsáid. Ó am go chéile, áfach, d'fhéadfadh ceisteanna teacht aníos a dteastaíonn plé ina leith.

## 2.2 Ról na hOifige Comhionannais

Is minic a mhothaíonn daoine trasinscneacha níos compordaí agus iad ag plé ceisteanna gaolmhara lena gcomhghleacaithe agus le heagraíochtaí tacaíochta, agus i dtús báire, d'fhéadfadh go ndéanfadh roinnt díobh teagmháil leis an Líonra Foirne LADT+ le haghaidh comhairle agus tacaíochta.

Is é an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, áfach, an pointe teagmhála, arna ainmniú go hoifi- giúil, le haghaidh fostaithe atá ag athrú inscne, agus tá siad freagrach as athruithe a dhéanamh ar na taifid riachtanacha uile le linn d'fhostaithe a bheith ag athrú inscne. Cinnteoidh an oifig sin go bhfuil an fostaí ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil ón Líonra Foirne LADT+ agus faoi na Seirbhísí Tacaíochta Foirne. I gcás daoine atá ag smaoineamh ar athrú inscne nó díreach ar tí tabhairt faoi, cuirfear in iúl dóibh cad is gá dóibh a dhéanamh ina gcás ar leith féin (más ábhartha), agus déanfaidh an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe athruithe tráthúla ar na taifid riachtanacha uile a chomhordú, lena n-áirítear taifid oifigiúla Acmhainní Daonna agus párolla, taifid áitiúla, seoladh ríomhphoist, an córas Acmhainní Daonna, an t-eolaire teileafóin inmheánach agus cárta aitheantais.

Má iarrtar athrú dlíthiúil ar ainm, is gá d'fhostaithe cóip de cheann amháin de na doiciméid seo a leanas, agus an t-ainm nua léirithe air, a sheoladh isteach: pas, teastas breithe, ceadúnas tiománaí, gníomhas aonpháirtí, cárta aitheantais náisiúnta (ag brath ar an tír). A luaithe a bheidh an fhianaise dhoiciméadach chuí faighte ag an Oifig Comhionannais Éagsúlacht agus Cuimsithe Ordú Bainisteora a thionscnamh chun taifid oifigiúla an fhostaí a athrú.

I gcás go bhfuil athruithe ar ainm ná forainm á n-iarraidh, beidh athrú ar thaifid áitiúla ag teastáil. Mura bhfuil fostaithe tar eis cúrsaí a phlé lena mbainisteoir áitiúil agus lena gcomhghleacaithe, moltar dóibh labhairt le comhghleacaí sinsearach nó leis an mbainisteoir líne díreach os a gcionn.

## 2.3 Tacaíocht áitiúil

Ba chóir do bhainisteoirí áitiúla a bheith tuisceanach agus ról tacaíochta a ghlacadh. Ba chóir dóibh fostaithe a chur a suaimhneas agus dul chun cainte leo faoin tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil agus





faoi aon chabhair a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'fhostaithe atá ag athrú inscne.

Ba cheart do bhainisteoirí áitiúla ról na hOifige Éagsúlacht agus Cuimsithe a chur ar a súile d'fhostaithe atá ag athrú inscne, agus moladh dóibh dul i dteagmháil leis an oifig mura bhfuil an méid sin déanta acu cheana. Ba chóir do bhainisteoirí labhairt le fostaithe faoi conas a chuirfear an t-athrú inscne in iúl do chomhghleacaithe (agus do theagmhálaithe gnó más gá).

Is cabhair é plean athraithe inscne a bheith comhaontaithe leis an mbainisteoir lena chinntiú go ndéantar cumarsáid agus athruithe ar thaifid mar is cuí agus go

tráthúil, agus chun plé a dhéanamh le fostaithe faoi laethanta saoire is gá a thógáil le haghaidh gnáthaimh leighis. Ba chóir do bhainisteoirí áitiúla a chinntiú go n-ath- raítear na taifid áitiúla uile chuig inscne roghnaithe/dearbhaithe an fhostaí atá ag athrú inscne faoi dháta comhaontaithe. Is ceart dóibh a chinntiú freisin go ndéan- tar nuashonrú go háitiúil ar aon sonraí ábhartha amhail cairteanna eagrúcháin, liostaí seoltaí, láithreáin ghréasáin, bunachair sonraí, seoltaí ríomhphoist, sonraí logála isteach agus aon tagairtí eile d'ainm nua an fhostaí.

## 2.4 Asláithreacht le haghaidh gnáthaimh leighis

Tabhair do d'aire gur rud príobháideach idir an dochtúir agus an t-othar iad na gnéithe leighis d'athrú inscne. Ní gá d'fhostaithe atá ag athrú inscne na sonraí leighis gaolmhara a nochtadh, agus ní cóir go gcuirfí ceist orthu fúthu.

Caithfear le ham saor ón obair le haghaidh gnáthaimh leighis amhail mar a chai- tear le ham saor ón obair le haghaidh gnáthaimh leighis sceidealaithe eile atá riachtanach. Aon fhaisnéis leighis, lena n-áirítear pleananna chun dul faoi scian, a nochtann fostaí go toilteanach, is gá caitheamh léi mar fhaisnéis atá rúnda go huile agus go hiomlán.

## 2.5 Comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi athrú inscne fostaí

Ní mór go mbeadh comhaontú idir an fostaí agus na bainisteoirí áitiúla maidir le conas a chuirfear comhghleacaithe ar an eolas faoi athrú inscne an fhostaí.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur mhaith leis na fostaithe féin a gcomhghleacaithe a chur ar an eolas. D'fhéadfadh bainisteoir áitiúil a bheith i láthair freisin mar tha- caíocht má tá sin comhaontaithe leis an bhfostaí roimh ré. Is féidir, i gcásanna ar leith, gur mhian leis an bhfostaí gurb é an bainisteoir a chuirfeadh na comhghlea- caithe ar an eolas. Ba cheart go míneodh bainisteoirí beartas na Comhairle agus na cóid iompair a bhfuiltear ag súil leo, mar aon le hoiliúint a thairiscint agus a bheith ar fáil chun aon cheisteanna ábhartha cuí a d'fhéadfadh a bheith ag comhghleacaithe an fhostaí a fhreagairt.

Ba cheart oiliúint a iarraidh tríd an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe sa Rannóg Acmhainní Daonna.

## 2.6 Áiseanna a Úsáid

Ba cheart go mbeadh saorchead ag duine trasinscneach na háiseanna a úsáid (leithris, seomraí feistis, cithfholcadáin) a oireann a n-inscne.

Ní cheanglaítear ar chomhghleacaithe trasinscneacha cead a phlé nó a lorg chun áiseanna príobháideacha a úsáid lena n-aithníonn siad. Is iad na háiseanna príobháideacha iad siúd le cubhachailí do dhuine amháin i leithris, seomraí feistis agus cithfholcadáin.



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

Agus é ar intinn acu a n-áis sannta inscne a úsáid is féidir le comhrá le bainistíocht áitiúil cabhrú chun a chinntiú go ndéileáiltear le riachtanais an duine trasinscnigh ar bhealach íogair agus comhbhách.

D'fhéadfaí go mbeadh úsáid áiseanna atá neodrach ó thaobh inscine níos oiriúnaí i gcúinsí áirithe nó b'fhéidir go mb'fhearr le roinnt comhghleacaithe trasinscneacha iad agus tiomnaíonn an Chomhairle áiseanna den sórt sin a sholáthar.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City

## 3.0 Acmhainní Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

| **Seoladh** | | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| | | |
| **An tOifigeach Comhionannais Éagsúlacht agus Cuimsithe**<br>Bloc 3, Urlár 1<br>Oifigí na Cathrach<br>Cé an Adhmaid<br>Baile Átha Cliath 8 | **Tel** (01) 222 3136<br>**Email** lorraine.glynn@dublincity.ie | **Teil** (01) 222 3136/ (01) 22 23051<br>**Ríomhphost** donncha.ocathasaigh<br>@dublincity.ie |
| **Tacaíocht Foirne (Comhairleoirí proifisiúnta)**<br>Aonad 2<br>Bunurlár Cúirt na Marascalachta<br>Cé na gCeannaithe<br>Baile Átha Cliath 8 | **Tel** (01) 222 5140 | **Teil** (01) 222 5140<br>**Email** martina.malone@dublincity.ie |
| **Líonra Foirne LADT+**<br>Bloc 4, Urlár 4<br>Oifigí na Cathrach<br>Cé an Adhmaid,<br>Baile Átha Cliath 8 | **Tel** (01) 222 6348<br>**Email** martina.malone@dublincity.ie | **Teil** (01) 222 6348<br>**Ríomhphost**<br>martina.malone@dublincity.ie |
| **Gníomhaireachtaí eile** | | |
| **Seoladh** | | **Teagmháil** |
| **TENI (Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne)**<br>Aonad 2<br>4 Cé Ellis,<br>Baile Átha Cliath 7 | **Tel** (01) 873 3575<br>**Email** office@teni.ie | **Teil** (01) 873 3575<br>**Ríomhphost** office@teni.ie |
| **BeLonG To**<br>Áras na Parlaiminte<br>13 Sráid na Parlaiminte<br>Baile Átha Cliath 2 | **Tel** (01) 670 6223<br>**Email** info@belongto.org | **Teil** (01) 670 6223<br>**Ríomhphost** info@belongto.org |

## Aguisín I – Seicliiosta athraithe inscne

## Aguisín I – Seicliosta athraithe inscne chun cabhrúle bainisteoirí

**Tacaíocht**
Bí tacúil agus tuisceanach Cuir an fostaí ar an eolas faoin mBeartas agus Treoir seo, chomh maith le ról na hOifige Comhionannais, Éagsúlacht agus Cuimsithe, mar phríomhphointe teagmhála agus comhordaithe le haghaidh fostaithe atá ag athrú inscne. Soláthraíonn an oifig sin comhairle agus tacaíocht freisin i ndáil leis na cúrsaí a gcuirtear síos orthu sa doiciméad seo.

Labhair leis an bhfostaí faoin gcomhairle agus tacaíocht atá ar fáil ón Líonra Foirne LADT+ agus faoi Sheirbhísí Tacaíochta Foirne na Comhairle.

**Amscála**
Cathain a bheidh an t-athrú inscne i bhfeidhm?

Amscála measta le haghaidh aon ghnáthaimh leighis?

**Taifid a nuashonrú ar bhonn áitiúil**
Déan socrú go mbeidh na taifid áitiúla uile athraithe faoin am a mbeidh an t-athrú inscne i bhfeidhm.

2.6.1 cairteanna eagrúcháin, liostaí seoltaí, láithreáin ghréasáin, bunachair sonraí, seoltaí ríomhphoist, sonraí logála isteach agus aon tagairtí eile d'ainm nua an fhostaí nó aon taifid áitiúla eile

**Úsáid saoráidí difriúla**
Plé a dhéanamh faoi úsáid saoráidí d'inscne eile nó saoráidí ilinscne (leithris, cithf- holcadáin srl.)



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

**marsáid**
Cé hiad na daoine ar gá iad a chur ar an eolas agus cén leibhéal eolais is cóir a chur ar fáil? Ar mhaith leis an bhfostaí féin comhghleacaithe (agus teagmhálaithe gnó) a chur ar an eolas?

**Oiliúint**
Oiliúint atá le cur ar fáil do chomhghleacaithe – bí i dteagmháil leis an Oifig Comhionann

## Aguisín II – Comhionnannas do dhaoine trasinscneacha a chur chun cinn

**Foirmeacha agus Ceistneoirí**
Le linn d'fhoirmeacha agus ceistneoirí a bheith á gceapadh, ní mór a chinneadh cé acu an gá go mbeadh orthu siúd atá á líonadh isteach, a n-inscne a nochtadh nó nach gá. Ní foláir freisin a shoiléiriú cad chuige a n-úsáidfear an t-eolas sin, mar go bhféadfadh daoine trasinscneacha a bheith íogair ó thaobh nochtadh an eolais sin de. Más gá inscne duine a iarraidh, cuimhnigh go bhfuil daoine áir- ithe ann arbh fhearr leo rogha sa bhreis ar 'fhireann' ná 'baineann' a bheith ann. Is cabhrach freisin an rogha 'b'fhearr liom gan é a lua'. B'fhéidir go mbeadh na catagóirí seo a leanas níos fearr:

2.6.2 Baineann
2.6.3 Fireann
2.6.4 Duine Trasinscneach Baineann
2.6.5 Duine Trasinscneach Fireann
2.6.6 Duine Neamh-dhénártha
2.6.7 Eile
2.6.8 B'fhearr liom gan é a lua

**Gnásanna Feistis (más infheidhme)**
Is den dea-chleachtas é solúbthacht a cheadú ionas nach dtreisíonn aon ghnásan- na iompair atá i bhfeidhm an rogha inscne dhénártha ná steiréitíopaí inscne.

**Pinsin**
I gcás na sochar pinsin uile, ní féidir ach an gnéas dlíthiúil a bhaineann le gach fostaí a chur san áireamh.

**Teistiméireachtaí**
Nuair atá teistiméireachtaí á soláthar d'fhostaithe reatha atá tar éis a n-inscne a athrú, ní cóir go mbeadh aon tagairt iontu do na hainmneacha ná insnce a bhíodh ag na fostaithe, agus ba chóir go mbeadh an forainm ceart in úsáid.Má fhaigheann an Chomhairle teistiméireacht le haghaidh duine a rinne athrú inscne roimhe sin, ina luaitear an t-ainm a bhíodh ag an duine, is cóir an t-eolas sin a choinneáil rúnda.

## Aguisín III – Conas tacúle daoine traninseacha

**Ní gá ach an cheist a chur go discréideach!**

Bíodh meas agat ar rogha ainm agus forainm duine. Mura bhfuil tú cinnte cén forainm le húsáid, cuir ceist faoi nó úsáid teanga atá neodrach ó thaobh inscne de

**Bíodh meas agat ar an iontaoibh!**

Má roghnaíonn duine a bheith oscailte leat faoin bhféiniúlacht/léiriú inscne atá acu, ná roinn eolas pearsanta fúthu gan cead a fháil uathu

**Bí tuisceanach!**

Ná húsáid teanga, ná deán talamh slán de rudaí agus ná cuir ciesteanna a d'fhéadfadh a bheith maslach, mar shampla. 'céard é d'anim ceart?'

## Aguisín IV – Gluais téarmaí

**Féiniúlacht inscne –** tagraíonn sé sin don fhéinaithint dhomhain a bhraitheann duine mar dhuine fireann, mar dhuine baineann, mar dhuine d'inscne eile ná mar dhuine gan inscne. D'fhéadfadh go mbeadh féiniúlacht inscne duine ag teacht leis an ngnéas atá acu ó rugadh iad nó d'fhéadfadh nach mbeadh.

**Diosfóiria inscne –** tagraíonn sé sin do staid ina bhfuil míshuaimhneas nó crá á fhulaingt ag duine mar go bhfuil neamhréir ann idir a (h)inscne bhitheolaíoch agus a f(h)éiniúlacht inscne.

**Daoine trasinscneacha –** tagraíonn sé sin do dhaoine a bhfuil a bhféiniúlacht inscne nó léiriú inscne éagsúil ón ngnéas atá acu ó dhúchas.

**Daoine cisinscneacha –** tagraíonn sé sin do dhaoine a chloíonn leis an ngnáthrud a mbeifí ag súil leis sa tsochaí ó thaobh na hinscne de, agus é sin dá ndeoin féin ná ó nádúr (glaoitear "normatach ó thaobh inscne de" orthu freisin).

**Léiriú inscne –** tagraíonn sé sin don bhealach a léiríonn daoine a bhféiniúlacht inscne mar fhireann, baineann, meascán den dá rud, ná ceann ar bith den dá rud, tríd a gcuid éadaí, a nósanna cóirithe, a n-iompar, a staidiúir, a ngothaíocht, a dtréithe fisiciúla, a bpátrúin chainte, srl.

**Malarthacht inscne –** tagraíonn sé sin do na hathraitheachtaí uile ó na gnáth- chaighdeáin inscne a mbeifí ag súil leo. Tugann an téarma sin le fios go bhfuil an- chuid daoine ann nach gcloíonn a n-inscne leis an ngnáthrud a mbeifí ag súil leis sa tsochaí i dtaca le bheith fireann ná baineann.

**Neamhchomhréireacht inscne –** tagraíonn sin do dhaoine nach





gcloíonn le caighdeáin shóisialta an léirithe inscne bunaithe ar an ngnáthrud a mbeifí ag súil leis i dtaca le fireannacht agus banúlacht.

**Solúbtha ó thaobh inscne de –** tagraíonn sé sin do dhaoine a bhféadfadh a bh- féiniúlacht agus léiriú inscne a bheith athraitheach le himeacht ama. D'fhéadfadh daoine atá solúbtha ó thaobh inscne de, ó am go chéile, féiniúlacht fhireann ná baineann a bheith acu, nó d'fhéadfaidís féiniúlacht neamh-dhénártha eile a bheith acu, ná meascáin d'fhéiniúlachtaí.

**Neamh-dhénártha –** is catagóir uileghabhálach é sin, a thagraíonn do dhaoine nach bhfuil a bhféiniúlacht inscne fireann ná baineann **(andraigíneach)**, a bhfuil a bhféiniúlacht inscne idir inscní, a sáraíonn a bhféiniúlacht an inscne, nó a bhfuil a bhféiniúlacht ina meascán d'inscní. Cuid de na daoine atá aiteach ó thaobh inscne de, samhlaíonn siad iad féin sa chatagóir daoine trasinscneacha, agus an chuid eile, ní shamhlaíonn.

**Tras-ghléasadh agus trasfheisteoirí –** cuireann sé sin síos ar dhaoine a chaithe- ann éadaí, seodra agus/nó smideadh ó am go ham nach mbaineann go traidisiúnta ná go steiréitipiciúil leis an inscne atá acu ó dhúchas. De ghnáth, ní bhíonn rún ag a leithéid de dhaoine nó ní bhíonn siad ag iarraidh a bhféiniúlacht inscne nó an gnéas atá acu ó dhúchas a athrú.

**Tras –** is brat-théarma é sin ar féidir é a úsáid gan aon duine a mhaslú agus cui- msíonn sé éagsúlacht na n-eispéireas a bhíonn ag daoine laistigh de phobail trasinscneacha. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis an téarma sin réimse féiniúlachtaí éagsúla amhail na cinn seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: trasghnéa- sach; trasinscneach; trasfheisteoir; aiteach ó thaobh inscne de; inscne-mhalartach; inscneach go héagsúil.

**LADTIA –** Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Idirghnéasach, Aiteach.

*Aiteach* – is brat-théarma é sin chun tagairt do dhaoine LADTIA i gcoitinne. Cea pann daoine áirithe, áfach, go n-úsáideann daoine eile an focal ina gcoinne ar bhealach gránna, agus tá drogall orthu glacadh leis.

**Gnéas -** Sonrú daoine tráth a mbreithe mar fhireann nó baineann, bunaithe ar a gcorp (baill ghiniúna agus orgáin atáirgthe) nó a mbitheolaíocht (crómasóim agus hormóin).

**Idirghnéasach –** is brat-théarma é a úsáidtear le haghaidh réimse cásanna ina dtagann daoine ar an saol le hanatamaíocht atáirgthe nó gnéis nach n-oireann do na gnáthshainmhínithe d'fhireann ná baineann. Cé nach samhlaíonn daoine idir- ghnéasacha iad féin i gcónaí mar dhaoine trasinscneacha nó daoine atá clúdaithe faoin trasbhrat, baineann an Beartas agus Treoir le daoine idirghnéasacha pé scéal é.

**Trasghnéasach –** cuireann an téarma sin síos ar dhaoine a bhfuil 'a mhalairt' d'fhéiniúlacht inscne acu is a bhí acu nuair a rugadh iad. Samhlaíonn daoine trasghnéasacha iad féin le hinscne atá éagsúil ón insnce atá acu ó dhúchas, é sin nó tá mian láidir acu maireachtáil le hinscne atá éagsúil ón insnce atá acu ó dhú- chas, agus go nglacfadh an saol leis an inscne sin.

**Athrú inscne –** tagraíonn sin don phróiseas a tharlaíonn nuair a athraíonn daoine a léiriú inscne. D'fhéadfadh athruithe sóisialta, dlíthiúla, leighis agus/nó athruithe de bharr dul faoi scian a bheith mar chuid d'athrú inscne.

**Trasfhóibe –** fuath láidir, gráin, déistin nó faitíos a mhothú i leith daoine atá clú- daithe faoin trasbhrat.

**Traschomhghuaillí –** duine a dhéanann iarracht dul i ngleic le trasfhóibe nuair a thagann sí aníos, bíodh sé sin iontu féin ná i ndaoine eile.

Meastar go bhfuil na téarmaí seo a leanas maslach don trasphobal:

Athrú gnéis; aistriú gnéis; 'tranny'; 'pre-op' (roimh obráid); 'post-op'





(tar éis obráide); 'shemale'; 'heshe'; trasghnéasach (agus é úsáidte mar ainmfhocal); trasinscneach (agus é úsáidte mar ainmfhocal); 'gender-bender' (go sonrach nuair a úsáidtear é maidir le duine atá ag athrú inscne); heirmeafraidíteach (meastar go forleathan go bhfuil an téarma sin maslach – 'daoine idirghnéasacha' an téarma ceart anois).

Le haghaidh tuilleadh sainmhínithe, féach mar shampla, Gluais Téarmaí Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI), **http://www.teni.ie**

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council


**Seoladh**

Roinn Acmhainní Daonna
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8
D08 RF3F

Human Resources
Department
Civic Offices
Wood Quay
Dublin 8
DO8 RF3F

**Sonraí Teagmhála**
**Teileafón:** 01 222 3041 / 2
**R-phost:**
**human.resources@dublincity.ie**
**Suíomh Gréasáin www.dublincity.ie**


Déan teagmháil le do thoil, leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúalacht agus Cuimsitheacht má tá an Doiciméad seo de dhíth ort agus é ar fail I gCló Mór, I gCló Ardchodarsnachta, I mBraille nó I bhFormáid Fuaime.